**Anailísí Sonraí - Léargas Lucht Féachana**

**Conradh Buan**

Cuirfear fáilte roimh iarratais ar an bpost Anailísí Sonraí. Tá TG4 ag lorg duine atá oillte san Eolaíocht Sonraí a chuideoidh chun foinsí eolais a scagadh agus a léiriú go físiúil. Cuideoidh an té a cheapfar le heolas ar an lucht féachana a bhailiú ar na hardáin go léir agus é a léiriú ar bhealach físiúil a thacóidh le cinntí coimisiúnaithe, eagarthóireachta agus foilsithe TG4.

Beidh an té a ceapfar freagrach don Bhainisteoir Léargais Lucht Féachana. Beidh cianobair, mar aon le bheith i láthair i gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann, i gceist. Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge ag an té a cheaptar.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

**I measc na ndualgas, ach gan bheith teoranta dóibh, a bheidh ar an té a cheapfar beidh**:

- Tuairisciú agus scagadh a dhéanamh ar eolas lucht féachana agus é a chur i láthair go físiúil agus go hidirghníomhach do lucht eagarthóireachta nó déanta clár.
- Sonraí ó fhoinsí éagsúla a bhailiú, a ghlanadh, a thrasfhoirmiú, agus a chur i mbunachar sonraí. Eolas faoi threochtaí agus patrúin féachana a scagadh agus a chur i láthair go físiúil.
- Deiseanna a thapú inar féidir uirlisí uathoibríocha nó meaisínfhoghlama a úsáid a chuidíonn le hábhar a dhíriú ar an lucht féachana.
- Tograí Anailíse Sonraí a chur i gcrích i gcomhar le Foireann Teicneolaíochta TG4.
- Cuidiú leis an mBainisteoir Léargais Lucht Féachana i dtaobh tuairisciú agus scagadh sonraí.
- Aon dualgais bhailí eile a iarrann Bainisteoir, Stiúrthóir na Rannóige nó an tArd-Stiúrthóir ort a chomhlíonadh.

**Na scileanna agus an taithí atá riachtanach don phost seo:**

• Léargas: tuiscint láidir ar dhisciplíní léargais éagsúla (anailísíocht sonraí, taighde agus tuairisciú). Ábalta sonraí casta a chur i láthair go soiléir agus léargas a thabhairt a chuideoidh cinntí a dhéanamh.

• Anailís Sonraí: ábalta oibriú le tacair mhóra sonraí ó fhoinsí éagsúla (líneach, sruthú agus sonraí meán sóisialta) chun treochtaí agus patrúin a aithint agus a scagadh.

• Taithí ar Ríomhchláir: taithí ar theanga scripte sonraí mar shampla Python, R, SQL, HTML nó PostgreSql. Eolas ar uirlisí mar PowerBI, Tableau, Shiny R, Python Dash nó Kipfolio agus ábalta iad a úsáid. Ba bhuntáiste é eolas a bheith agat ar uirlisí tionscail (m/sh Arianna (Nielsen)

• Ardscileanna in MS Office: ardinniúlacht in Excel chun tacair mhóra sonraí a ghlanadh, a anailísiú agus a shamhaltú, mar aon le hinniúlacht i PowerPoint chun eolas a chur i láthair go físiúil.

• Tuairisciú: Ábalta tuairiscí a scríobh agus cuir i láthair a thabhairt chun sonraí a mhíniú agus léargas ina leith a thabhairt. Déileáil le hiarratais ar bhonn ad hoc le haghaidh sonraí/torthaí/anailís faoi leith.

• Comhoibriú: ábalta comhoibriú le foirne agus scileanna cumarsáide a bheith agat chun eolas a chur ar fáil go hinmheánach agus go seachtrach.

• Meon Dearfach i leith na Nuálaíochta: A bheith ar an eolas faoi na huirlisí, modhanna agus smaointeoireacht atá ag teacht chun cinn ionas gur féidir léargas níos fearr a chur ar fáil. Ardscileanna taighde agus a bheith fiosrach agus spreagtha faoi imscrúdú a dhéanamh ar na sonraí.

*Tabhair ar aird: Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

Beidh an tuarastal de réir cháilíochtaí agus thaithí an té a roghnófar.

**4pm Dé hAoine an 19 Meitheamh 2026** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist:**

Grád 5

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú, nuair atá gá leis, lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |